Iarratas ar Bhreithniú faoi

Scéim na bForas Eisceachtúil Leighis

LÉIGH AN T-EOLAS SEO A LEANAS GO CÚRAMACH SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM

Céard í Scéim na bForas Eisceachtúil Leighis?

Tá an fhoráil maidir le tosaíocht a mholadh faoi Scéim na bhForas Eisceachtúil Leighis tugtha i Scéim na dTosaíochtaí Ligin 2013, Cuid 5.5.

Féadfar stádas tosaíochta a thabhairt d'iarratasóirí ar Thithíocht/Aistriú i gcásanna gur cásanna imthosca eisceachtúla leighis iad. Ní tharlóidh sé seo ach amháin má bhaineann sé le riochtaí tithíochta an iarratasóra agus go measfar an chóiríocht a bheith mí-oiriúnach mar gheall ar mhíchumas nó ar thinneas. Is féidir go n-áireofar cineál áirithe áit chónaithe agus/nó cóiríochta i limistéar áirithe mar thosaíocht faoi Fhorais Eisceachtúla Leighis. Féadfaidh an Chomhairle Cathrach, le linn di ligin áiteanna cónaithe a dhéanamh i gcás go dtugtar tosaíocht ar fhorais eisceachtúla leighis, moladh ón mball ainmnithe cuí den Phainéal Leighis neamhspleách arna cheapadh ag an gComhairle, a bhreithniú.

Ní dhéanfar fianaise leighis a bhreithniú ach amháin sa chás go bhfuil sí bunaithe ar eolas i scríbinn a fuarthas ó Dhochtúir Leighis nó ó Chomhairleach Leighis. Féadfar eolas mar mhíniú agus mar chúlra ó Altraí Sláinte Poiblí, Oibrithe Sóisialta, Teiripeoirí Saothair agus Gairmithe Sláinte eile a chur leis an iarratas.

Cé mar a dhéanfaidh mé an t-iarratas?

1. Ní mór duit iarratas a bheith curtha isteach agat le bheith ar an Liosta Feithimh Tithíochta agus áit a bheith faighte agat air nó iarratas a bheith déanta agat le bheith ar an liosta don Aistriú Tithíochta sula bhféadfar d'iarratas faoi Scéim na bhForas Eisceachtúil Leighis a bhreithniú.

2. Ní mór duit an fhoirm don iarratas faoi na Forais Eisceachtúla Leighis, a líonadh.

3. Is é nó í an t-iarratasóir ar thithíocht nó ar aistriú a chaithfidh na foirmeacha iarratais go léir a shíniú.

4. Ní mór tuarascáil nó litir ó ghairmí leighis tríú páirtí a bheith mar thacaíocht leis an iarratas. Ní mór don tuarascáil nó don litir a bheith ar pháipéar ceannteidil oifigiúil

chomh maith le sonraí teagmhála bailí an ghairmí leighis a bhfuil eolas ó bhunfhoinse aige nó aici ar do chás, e.g. Lia-Chleachtóir, Lia Comhairleach agus freisin, más gá, tuarascáil ó Theiripeoir Saothair.

5. Ní mór na litreacha tacaíochta go léir ar mhaith leat iad a bheith san áireamh a bheith i liosta ar an bhfoirm iarratais i gCuid 3. Féadfaidh tú iad a sheoladh isteach leis an bhfoirm iarratais nó ina dhiaidh sin ionas go sroichfidh siad an Rannán Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta taobh istigh de cheithre seachtaine ó fuarthas an fhoirm iarratais. Mura ndéanfaidh tú sin b'fhéidir nach mbeidh siad san áireamh lena mbreithniú faoi Scéim na bForas Eisceachtúil Leighis. Is é nó í an t-iarratasóir a bheidh freagrach as a chinntiú go sroichfidh na tuarascálacha/litreacha atá tugtha sa liosta an Rannán Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta.

6. Ní mór gur le sé mhí anuas a scríobhadh gach tuarascáil agus gach litir, gur féidir iad a léamh go hiomlán agus go mbaineann siad le do shaincheist tithíochta-sa.

TABHAIR DO D'AIRE:

1. Ní dhéanfar an Stádas Tosaíochta a mholadh ach amháin do riochtaí inar féidir bainistíocht chúrsa an tinnis **a fheabhsú go mór** trí athrú tithíochta agus tríd sin amháin.

2. Ní dhéanfar ach an fhianaise leighis a bhaineann le daoine atá san áireamh san iarratas a mheasúnú. Ní dhéanfar eolas leighis a bhaineann le háitritheoirí eile atá san áit chónaithe a bhreithniú.

3. Féadfar Stádas Tosaíochta a tharraingt siar má athraíonn imthosca tithíochta an iarratasóra, nó imthosca dhuine den teaghlach atá áirithe ar an bhfoirm iarratais, mar gheall ar sheoladh a bheith athraithe nó i gcás athrú a bheith anois ar na himthosca tithíochta a bhí ann tráth ar tugadh an stádas tosaíochta.

4. Déanfar athbhreithniú go bliantúil ar na tosaíochtaí a tugadh d'iarratasóirí mar gheall ar fhorais eisceachtúla leighis. B'fhéidir go mbeadh sé i gceist leis seo go n-iarrfaí ar iarratasóir eolas cothrom le dáta a sheoladh isteach agus/nó bualadh le hoifigigh Tithíochta.

5. Má bhíonn tú míshásta le cinneadh an Oifigigh Leighis, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh leis an Rannán Tithíochta agus Leithdháiltí agus déanfaidh ball eile den phainéal Leighis athbhreithniú.

6. Ní hionann moladh go dtabharfaí Tosaíocht faoin scéim FEL agus ráthaíocht go ndéanfar cóiríocht a thairiscint. Tá gach iarratas faoi réir ag forálacha Scéim na Leithdháiltí reatha arna glacadh go foirmiúil ag comhaltaí na Comhairle Cathrach.

NÓTA DO GHAIRMITHE:

Tá sé tábhachtach eolas a thabhairt faoin gcineál tinnis (diagnóis leighis), donacht an tinnis agus an tslí, dar leat, ina ndéanfaidh athrú tithíochta cúrsa an tinnis a fheabhsú go mór.

EOLAS GINEARÁLTA AR MHEASÚNUITHE LEIGHIS

Sa doiciméad seo ní féidir na riochtaí a mbeidh tosaíocht leighis ag dul leo a thabhairt le fios mar déanfar gach iarratas a mheasúnú de réir a fhiúntas féin ag féachaint do gach eolas ábhartha agus do dhonacht an reachta. Má dhéantar tagairt d'aon easláinte ar mhodh sampla, níl sé i gceist a thabhairt le fios go dtabharfar nó nach dtabharfar tosaíocht i ngach ceann nó in aon cheann de na cásanna den riocht sin nó de gach ceann díobh.

Is ann do líon áirithe riochtaí coitianta a bhíonn á lua go minic ag iarratasóirí sna hiarratais tithíochta, a bhféadfadh sé go mbeadh gnéithe eile seachas an chóiríocht ag dul i gcion orthu, mar shampla, riochtaí cosúil leis an bplúchadh, NHEA [ADHD], riochtaí croí, dúlagar, titimeas, deacracht leis an tsiúl, nó strus. B'fhéidir go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar roinnt riochtaí ach na gnéithe eile sin a scrúdú, nó trí iad a chur ar aghaidh go dtí Cothabháil Tithíochta nó trí chineál eile tosaíochta a thabhairt dóibh.

I gcás go ndiúltóidh an tÚdarás Tithíochta tosaíocht a thabhairt, cé go ndéanfar gach iarracht cúis(eanna) a thabhairt leis an gcinneadh, is féidir gur i dtéarmaí ginearálta a bheidh an chúis (na cúiseanna), ag féachaint do mhionsonraí an iarratais i gceist.

Foirm Iarratais chun Iarratas a Bhreithniú faoi Scéim na bForas Eisceachtúil Leighis

TÁBHACHTACH: Léigh an Mhír Eolais atá ar chuid tosaigh na foirme seo sula leanfaidh tú ar aghaidh.

Líon an fhoirm i mbloclitreacha agus féach chuige go mbeidh gach cuid ábhartha líonta isteach. Is é nó í an t-iarratasóir ar thithíocht/ar aistriú a chaithfidh an fhoirm a shíniú.

Cuid 1: Sonraí Pearsanta
Ainm (Ainmneacha):
Seoladh:
Uimhir theileafóin:
Uimhir PSP:

Ar ndearna tú iarratas faoi Scéim na bForas Eisceachtúil Leighis riamh roimhe seo?

RINNE □ NÍ DHEARNA □

Más RINNE an freagra cén t-ainm agus cén seoladh a bhí ar an iarratas?

Cén bhliain a ndearna tú an t-iarratas (tabhair buille faoi thuairim mura bhfuil tú cinnte cén bhliain)

Cuid 2: An chúis atá leis an iarratas

Tabhair cuntas gearr faoin gcúis/faoi na cúiseanna atá agat leis an iarratas seo a dhéanamh. Féadfaidh tú eolas sa bhreis a thabhairt i litir phearsanta, más gá.

Cuid 3: Fianaise tacaíochta ó ghairmithe

Déan liosta de na tuarascálacha/litreacha tacaíochta go léir atá istigh le d'iarratas, i.e. ábhar míniúcháin ó Chomhairligh, Dochtúir Teaghlaigh, Teiripeoirí Saothair agus ó Ghairmithe Sláinte eile. Tabhair do d'aire gurb é nó gurb í an t-iarratasóir a bheidh freagrach as a chinntiú go sroichfidh na tuarascálacha/litreacha atá ar an liosta an Rannán Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta.

	Don oifig amháin
1.	
2.	
3.	
4.	
5.	

Cuid 4: Scríobh d'ainm agus an dáta:

Toilím le go bhféadfaidh an Príomhoifigeach Leighis nó aon bhall foirne ainmnithe teagmháil a dhéanamh le haon duine nó comhlacht iomchuí maidir le m'iarratas.

Síniú an Iarratasóra **Dáta**

Seol d'fhoirm agus na tuarascálacha/litreacha chuig:

Leithdháiltí agus Aistrithe
Tithíochta Urlár 1, Bloc 2 Oifigí na
Cathrach, Sr. Sheamlas an Éisc,
Baile Átha Cliath 8.

<u>Meabhrúchán:</u> Cuir na doiciméid tacaíochta ábhartha go léir isteach leis an bhfoirm